Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Iúil 2025
(OR. en)

11950/25

STAT 33
FIN 921

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 423 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>de bhun Airteagal 77 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 423 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 423 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.7.2025
COM(2025) 423 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**de bhun Airteagal 77 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh**

GA GA

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## de bhun Airteagal 77 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh

### BUNÚS DLÍ

Foráiltear le hAirteagal 77 de na Rialacháin Foirne (SR), arna leasú go deireanach in 2013[1], go ndéanfar an aois inphinsin a mheasúnú gach 5 bliana ag tosú an 1 Eanáir 2014 ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Déanfar scrúdú sa tuarascáil, go háirithe, ar an athrú a thagann ar an aois inphinsin maidir leis an bhfoireann i státseirbhísí na mBallstát agus ar an athrú a thagann ar ionchas saoil maidir le hoifigigh na n-institiúidí.

Chinn na comhreachtóirí freisin, i gcás inarb iomchuí, go ndéanfaidh an Coimisiún togra lena leasófar an aois inphinsin i gcomhréir le conclúidí na tuarascála sin, agus aird ar leith á tabhairt ar na forbairtí sna Ballstáit.

Leis an tuarascáil seo, cuirtear an fhoráil thuasluaite chun feidhme trí scrúdú a dhéanamh ar athrú na haoise inphinsin le haghaidh na foirne i státseirbhísí na mBallstát agus ar athrú ionchas saoil oifigigh na n□institiúidí idir 2019 agus 2023.

### 1. RAON FEIDHME NA TUARASCÁLA

Faoi Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne, ba cheart measúnú a dhéanamh gach 5 bliana ar athrú na haoise inphinsin le haghaidh na foirne i státseirbhísí na mBallstát agus ar athrú ionchas saoil oifigigh na n□institiúidí, agus ar an gcaoi sin tréimhse thagartha 5 bliana a sholáthar don tuarascáil sin idir an 1 Eanáir 2019 agus an 31 Nollaig 2023.[2].

Sholáthair na comhreachtóirí raon feidhme ábhartha lena gcuimsítear an t-athrú a thagann ar an aois inphinsin maidir leis an bhfoireann i státseirbhísí na mBallstát agus ar an athrú a thagann ar ionchas saoil maidir le hoifigigh na n-institiúidí. Ina theannta sin, shonraigh siad gur cheart don Choimisiún, agus measúnú á dhéanamh aige ar an bhféidearthacht chun an aois inphinsin a leasú, aird ar leith a thabhairt ar fhorbairtí sna Ballstáit.

### 2. EOLAS CÚLRA

#### 2.1. Bailiú sonraí

D'iarr Eurostat ar shaineolaithe ó na Ballstáit sonraí a sholáthar ar bhonn bliantúil faoi chuimsiú na Meithle um Airteagal 83 de na Rialacháin Foirne (Meitheal Airteagal 83)[3]. Tá an

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013.

[2] Úsáideadh sonraí ó 2019 de ghnáth. Mar sin féin, nuair nach raibh sé sin ar fáil, úsáideadh sonraí ó 2018.

[3] Is grúpa saineolaithe í Meitheal Airteagal 83 lena n□áirítear oifigí staidrimh rialtais na mBallstát agus ESTAT an Choimisiúin.

Mheitheal inniúil chun déileáil le haon cheist a bhaineann le modheolaíocht cur chun feidhme Iarscríbhinn XII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne i gcomhar le Eurostat.

Chun a oibleagáid tuairiscithe a chomhlíonadh agus i gcomhréir le hAirteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, d'iarr an Coimisiún Eorpach ar thoscairí na mBallstát i Meitheal Airteagal 83 iontaofacht na sonraí a bhaineann lena gcórais phinsin seirbhísí sibhialta faoi seach a sholáthar agus a dheimhniú faoi mhí an Mhárta 2025. Bhain sé sin go háirithe leis an aois inphinsin is infheidhme le linn na tréimhse tagartha agus módúlachtaí eile maidir le feidhmiú na scéimeanna pinsin.

### 2.2. Gnéithe modheolaíochta

Ní féidir comparáid a dhéanamh idir sochair phinsin ar fud na mBallstát ach go pointe áirithe, toisc go bhfuil difríochtaí struchtúracha ann i measc scéimeanna pinsin. Go háirithe, ní fhéadfaidh scéimeanna do státseirbhísigh i seirbhísí lárnacha na mBallstát na pobail chéanna a chumhdach, i.e. cumhdaítear le scéimeanna sna Ballstáit oifigigh rialtais láir, státseirbhísigh uile na hearnála poiblí, nó gabhann siad an pobal oibre i gcoitinne in éineacht le státseirbhísigh i rialtais láir.

Ina theannta sin, is pleananna aistrithe iad scéimeanna náisiúnta áirithe, nó 'íoc□mar□a□úsáidtear' (i.e. i gcás ina ndéantar ranníocaíochtaí pinsin na ndaoine sin atá ag obair a athdháileadh orthu siúd atá ar scor) i gcodarsnacht le pleananna coigiltis (ina ndéanann fostaithe ranníocaíocht as a bpinsin féin atá le teacht). Thairis sin, foráiltear le scéimeanna náisiúnta áirithe d'aoiseanna scoir a bhfuil bearna idir na hinscní ina leith.

Mar a dheimhnítear le cásdlí chúirteanna an Aontais[4], is ciste barúlach (fíorúil) í an Scéim Pinsin le haghaidh Oifigigh an Aontais (PSEO) ag a bhfuil sochair shainithe, ina n□úsáidtear ranníocaíochtaí baill foirne chun maoiniú a dhéanamh ar na pinsin a bheidh ag na ranníocóirí amach anseo. Is amhlaidh a chumhdaítear leis na ranníocaíochtaí costas na gceart pinsin a fhaightear i mbliain ar leith agus níl siad nasctha ar aon bhealach le caiteachas pinsin na bliana sin[5].

### 2.3. Sainmhíniú ar ghnáthaois inphinsin

Tagraítear in Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne don aois inphinsin, dá ngairtear gnáthaois inphinsin freisin. Comhfhreagraíonn an téarma sin don aois ag a dtéann ball foirne de chuid an Aontais ar scor go huathoibríoch gan pionós airgeadais. Ón 1 Eanáir 2014, rinneadh an ghnáthaois inphinsin le haghaidh fhoireann an Aontais a mhéadú go 66 bliana d'aois le haghaidh na foirne a earcófar ó 2014 ar aghaidh. Tá feidhm ag forálacha idirthréimhseacha maidir leis an bhfoireann a earcaíodh roimh an dáta sin.

Tá dhá mhaolú ar an ngnáthaois inphinsin:

- Ar an gcéad dul síos, féadfaidh baill foirne luathscor a iarraidh, i.e. dul ar scor sula slánóidh siad an ghnáthaois inphinsin. Ón 1 Eanáir 2014, rinneadh an aois luathscoir a mhéadú go 58 mbliana d'aois le haghaidh na foirne uile. Is i gcónaí a bhíonn pionós airgeadais nach beag mar thoradh ar luathscor[6].

---

4 Féach, mar shampla, Cás F□105/05 *Wils v an Pharlaimint*, pointe 85 agus Cás T□439/09 *Purvis v an Pharlaimint*, pointe 45.

5 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Iarscríbhinn XII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, COM(2018) 829 final.

6 Faoi Airteagal 9 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, laghdaítear na cearta pinsin gaolmhara 3.5 % in aghaidh na bliana de dhifríocht idir an aois scoir iarbhír agus an aois inphinsin.

- Ar an dara dul síos, féadfaidh baill foirne, ar iarraidh uatha féin agus i gcás ina measfaidh an t□údarás ceapacháin go bhfuil údar maith leis ar mhaithe leis an tseirbhís, leanúint de bheith ag obair go dtí go slánóidh siad 67 mbliana d'aois. Ar bhonn eisceachtúil, féadfaidh baill foirne a bheith ag obair go dtí 70 bliain d'aois, agus sa chás sin cuirfear ar scor go huathoibríoch iad an lá deireanach den mhí ina slánóidh siad an aois sin.


Ar bhonn an mhéid thuas, chuir formhór na mBallstát sonraí comhfhreagracha isteach maidir le gnáthaois inphinsin, an aois íosta inphinsin agus an aois uasta inphinsin i gcomhthéacs Mheitheal Airteagal 83.


## 3. ATHRÚ AR AOIS INPHINSIN NA STÁTSEIRBHÍSEACH FAOI SEACH I SEIRBHÍSÍ LÁRNACHA NA mBALLSTÁT

Léirítear sna cairteacha thíos an ghnáthaois inphinsin, an aois íosta inphinsin agus an aois uasta inphinsin is infheidhme maidir leis an bhfoireann i státseirbhísí lárnacha na mBallstát. Níor sholáthair na Ballstáit nach ndéantar tagairt dóibh sna táblaí nó nach ndéantar tagairt dóibh ach ar feadh bliain amháin sonraí do Eurostat nó is rud é nach bhfuil aois íosta inphinsin nó aois uasta inphinsin acu.[7].

[7] Nuair nach raibh sonraí ar fáil, agus más féidir, rinneadh measúnú ar reachtaíocht náisiúnta ábhartha.


### 3.1. Gnáthaois inphinsin i státseirbhísí lárnacha na mBallstát





** I gcás na hIodáile, dheimhnigh na húdaráis go ndéantar na sonraí a ríomh mar mheánmhéid ós rud é go bhfuil módúlachtaí éagsúla ag an Iodáil chun rochtain a fháil ar phinsin. I gcás na Fraince, dheimhnigh na húdaráis gurb é "âge d'annulation de la décote" (67 mbliana d'aois) an aois ag ar féidir le duine dul ar scor gan aon phionós ina mhéid pinsin, fiú mura ndearna siad ranníocaíocht ar feadh an lín blianta a cheanglaítear. Ag an aois sin, ríomhtar an pinsean go huathoibríoch ag an ráta iomlán, gan beann ar an líon blianta a bhailíochtaítear.*

### 3.2. An aois íosta inphinsin





Mar a luaitear i roinn 2.3, is i gcónaí a bhíonn pionós airgeadais nach beag mar thoradh ar luathscor in institiúidí an Aontais toisc go laghdaítear na cearta pinsin gaolmhara 3.5 % in aghaidh na bliana de dhifríocht idir an aois scoir iarbhír agus an aois inphinsin. Go héifeachtach, tiocfaidh laghdú 28 % ar ollchearta pinsin ball foirne a bheidh ag dul ar scor ag 58 mbliana d'aois. Mar chomparáid, i gcás seacht gcinn de sheirbhísí sibhialta na mBallstát a bhfuil aois íosta inphinsin níos sine ná 58 mbliana d'aois acu, níl aon phionós ann i leith luathscoir.

### 3.3. An uasaois inphinsin




### 3.4. Measúnú ar athrú na n□aoiseanna inphinsin le haghaidh na foirne i státseirbhísí na mBallstát




** I gcás tíortha ina bhfuil aois inphinsin dhifreáilte idir mná agus fir, léirítear an luach is airde sa tábla thuas. I gcás tíortha ag a bhfuil gnáthaois inphinsin le deachúlacha, cuireadh slánú go dtí an uimhir iomlán is gaire chun feidhme.*

Léirítear sna cairteacha thuas athrú na haoise íosta, na gnáthaoise inphinsin agus na haoise uasta inphinsin is infheidhme maidir le státseirbhísigh i rialtais láir i mBallstáit an Aontais idir 2019 agus 2023.

Is féidir éagsúlacht a thabhairt faoi deara toisc nach bhfuil aois íosta inphinsin ná aois uasta inphinsin ag seirbhísí sibhialta roinnt Ballstát ach i mBallstáit eile níl aon difríocht idir an aois uasta inphinsin agus an ghnáthaois inphinsin do státseirbhísigh i seirbhísí lárnacha.

I bhfianaise an mhéid sin, cé go soláthraítear leis an mbailiú sonraí sin tásca úsáideacha maidir leis na haoiseanna inphinsin faoi seach is infheidhme i seirbhísí lárnacha na mBallstát, ba cheart tabhairt faoi aon chomparáid go cúramach.

Léiríodh sa mheasúnú in 2019 go raibh gnáthaois inphinsin ag seirbhísí sibhialta ceithre Bhallstát níos airde ná an ghnáthaois inphinsin le haghaidh fhoireann an Aontais (66 bliana d'aois) agus go raibh gnáthaois inphinsin státseirbhísí na mBallstát uile idir 60 agus 67 mbliana d'aois.

Léirítear sa mheasúnú in 2023 go raibh gnáthaois inphinsin ag seirbhísí sibhialta cúig Bhallstát níos airde ná gnáthaois inphinsin fhoireann an Aontais agus go raibh gnáthaois inphinsin státseirbhísí na mBallstát uile idir 60 bliain agus 68 mbliana d'aois.

I bhfianaise an mhéid thuas, tugtar na barúlacha seo a leanas:

- Ó leasaíodh na Rialacháin Foirne in 2014, tá an ghnáthaois inphinsin is infheidhme maidir le foireann reachtúil de bhun Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne fós ar na haoiseanna is airde is infheidhme i gcomparáid leis na cinn is infheidhme maidir le státseirbhísí lárnacha na mBallstát.
- In 2023, 81 %[8] de státseirbhísí na mBallstát a d'fhreagair, bhí gnáthaois inphinsin ag na státseirbhísí sin a bhí cothrom leis an ngnáthaois inphinsin le haghaidh fhoireann an Aontais, nó níos lú ná an ghnáthaois inphinsin sin.
- Le linn na tréimhse tagartha, tháinig méadú níos lú ná bliain amháin ar an meán􀀀ghnáthaois inphinsin i measc na mBallstát a thug freagra.
- Tar éis an mhéadaithe ar ghnáthaois inphinsin fhoireann an Aontais ó 60 go 66 bliana d'aois idir 2004 agus 2014, is féidir éifeacht breith suas a thabhairt faoi deara i státseirbhísí na mBallstát.
- Is féidir difríochtaí leanúnacha i measc státseirbhísí na mBallstát a thabhairt faoi deara le linn na tréimhse tagartha.
- Comhfhreagraíonn an uasaois inphinsin atá ann faoi láthair le haghaidh fhoireann an Aontais (70 bliain d'aois) don chaighdeán is airde is infheidhme i státseirbhísí lárnacha na mBallstát.
- Tá an aois íosta scoir le haghaidh fhoireann an Aontais ar cheann de na haoiseanna is óige. Mar chomparáid, áfach, i gcás seacht gcinn de sheirbhísí sibhialta na mBallstát a bhfuil aois íosta inphinsin níos airde ná 58 mbliana d'aois acu, níl aon phionós ann i leith luathscoir.[9].

---

[8] Níor fhreagair Éire an comhairliúchán i scríbhinn a seoladh i mí an Mhárta 2025. Chun críocha an ríomha sin, rinneadh gnáthaois inphinsin státseirbhísigh na hÉireann a sheiceáil in aghaidh foinsí oifigiúla ar líne de chuid Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóiriú na hÉireann, https://www.publicservicepensions.gov.ie/en/topic/retirement-ages-in-the-public-service/.

[9] Ó 2014 ar aghaidh, is i gcónaí a bhíonn pionós airgeadais nach beag mar thoradh ar luathscor in institiúidí an Aontais toisc go laghdaítear na cearta pinsin gaolmhara 3.5 % in aghaidh na bliana de dhifríocht idir an aois scoir iarbhír agus an aois inphinsin.

## 4. ATHRÚ AR IONCHAS SAOIL OIFIGIGH NA N-INSTITIÚIDÍ

Tá an measúnú ar athrú ionchas saoil fhoireann institiúidí an Aontais bunaithe ar na paraiméadair dhéimeagrafacha a leagtar síos in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Úsáidtear na paraiméadair chéanna le haghaidh measúnú achtúireach ar PSEO a dhéanamh ar bhonn bliantúil agus ar bhonn 5 bliana.

Bailíonn Eurostat na paraiméadair dhéimeagrafacha sin ar bhonn bliantúil bunaithe ar bhreathnuithe ar dhaonra na rannpháirtithe sa scéim, a bhfuil baill foirne i seirbhís ghníomhach agus pinsinéirí inti. Faightear an fhaisnéis ó na hinstitiúidí agus na gníomhaireachtaí a bhfuil a bhfoireann ina mbaill den scéim.

Is tábla básmhaireachta ionchasach[10] é tábla básmhaireachta ionchasach 2023 (EULT) arna tiomsú ó bhreathnóireacht fhadtéarmach mortlaíochta, de réir aoise agus inscne, gach ball de scéim PSEO. Déantar na táblaí básmhaireachta a úsáidtear le haghaidh mheasúnú PSEO a thabhairt cothrom le dáta gach 5 bliana[11] chun na sonraí mortlaíochta is déanaí a léiriú.

### 4.1. Gnéithe modheolaíochta

D'úsáid Eurostat táblaí básmhaireachta ionchasacha le haghaidh na measúnuithe gach 5 bliana ar PSEO ó 2019 agus 2023 araon, EULT 2018 agus EULT 2023 faoi seach. Rinne dhá chuideachta éagsúla d'achtúirí seachtracha neamhspleácha arna gceapadh faoi Airteagal 13(2) d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne an dá thábla básmhaireachta a athbhreithniú agus a bhailíochtú.

Leis na rátaí mortlaíochta, áirítear na táblaí básmhaireachta ionchasacha de réir inscne, aois agus na bliana breithnithe. Leis na táblaí sin, cuirtear athruithe ar mhortlaíocht amach anseo san áireamh trí athruithe ar mhortlaíocht a breathnaíodh agus athruithe réamh-mheasta ar mhortlaíocht le haghaidh daonra sainithe ar feadh a shaoil a chur san áireamh. Mar shampla, thabharfaí ionchas saoil ag 65 bliana d'aois in 2023 cothrom le dáta trí úsáid a bhaint as an ráta mortlaíochta breathnaithe le haghaidh 65 bliana d'aois in 2023 agus as na rátaí mortlaíochta réamh-mheasta le haghaidh 66 bliana d'aois in 2024, le haghaidh 67 mbliana d'aois in 2025 agus mar sin de, agus ar an gcaoi sin réamh-mheas a dhéanamh ar athruithe mortlaíochta amach anseo.

Os a choinne sin, úsáidtear rátaí mortlaíochta ó bhliain amháin (nó grúpa blianta) i dtáblaí tréimhse básmhaireachta agus glactar leis go bhfuil feidhm ag na rátaí sin ar feadh an chuid eile de shaol an duine. Ciallaíonn sé sin nach gcuirfí aon athrú ina dhiaidh sin ar rátaí mortlaíochta san áireamh. Dá bhrí sin, is éard atá i dtábla tréimhse básmhaireachta ná an meánlíon blianta breise a mhairfeadh duine dá mbainfeadh leo na rátaí mortlaíochta aois-sonracha an limistéir áirithe agus na tréimhse ama den chuid eile dá saol. Cuirtear san áireamh sna táblaí sin go mbíonn an mhortlaíocht níos mó ar an meán nuair a bhíonn an duine níos sine ach ní mheastar iontu go n-athraíonn mortlaíocht le himeacht ama. Sa chás sin, tá an bhásmhaireacht amach anseo ceaptha a bheith díreach mar an gcéanna leis an mbásmhaireacht bhreathnaithe sa lá atá inniu ann.

I dTáblaí Básmhaireachta ionchasacha an Aontais 2023 (EULT 2023) a d'fhorbair Eurostat, ionchorpraítear treocht maidir le méadú leanúnach ar ionchais saoil thar thréimhse ama 18

[10] Is cineál tábla básmhaireachta é tábla básmhaireachta ionchasach ina n-úsáidtear rátaí mortlaíochta réamh-mheasta amach anseo seachas rátaí mortlaíochta reatha nó stairiúla. Ceaptar é chun meastachán a dhéanamh ar ionchas saoil agus ar dhóchúlachtaí marthanais ag glacadh leis go dtiocfaidh feabhas ar rátaí mortlaíochta le himeacht ama—mar gheall ar dhul chun cinn i gcúram sláinte, i gcaighdeáin mhaireachtála agus i dteicneolaíocht de ghnáth.

[11] Airteagal 9 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

mbliana bunaithe ar athrú básmhaireacht dhaonra PSEO. Bunaítear an tábla seo ar bhreathnóireacht fheiniméin mhortlaíochta bhaill scéim PSEO: is féidir an cur chuige sin a ghlacadh i bhfianaise mhéid dhaonra PSEO agus seachnaítear claontachtaí seachtracha a d'fhéadfadh a bheith ann dá n□úsáidfí sonraí seachtracha.

Comhfhreagraíonn an úsáid a bhaintear as tábla básmhaireachta ionchasach don chleachtas achtúireach is fearr. Cé nach féidir a bheith cinnte faoi mhéadú leanúnach den sórt sin ar an ionchas saoil, úsáidtear na boinn tuisceana sin chun ionchas saoil na mball foirne a chinneadh. Léirítear an t□ionchas saoil sin i ndliteanas PSEO ar ar a bhonn a dhéantar an Ráta Ranníocaíochta Pinsin (PCR) a choigeartú gach bliain chun a áirithiú go bhfuil PSEO ar comhardú.

Ar deireadh, agus ionchas saoil á ríomh, níor cheart le cur chuige modheolaíochta Eurostat (arna chomhroinnt ag na hachtúirí seachtracha a bhailíochtaigh an mhodheolaíocht agus na torthaí) an iomarca béime a chur ar na blianta a ndearna paindéim COVID□19 difear dóibh. Léirítear leis an gcur chuige sin an cleachtas achtúireach is fearr agus chomhaontaigh na Ballstáit leis freisin i Meitheal Airteagal 83.

### 4.2. Comparáid idir ionchas saoil 2019 agus 2023 fhoireann an Aontais

Tá básmhaireacht na bhfear agus na mban éagsúil, dá bhrí sin déantar táblaí básmhaireachta achtúireacha 2019 agus 2023 araon a ríomh ar leithligh de réir inscne agus aoise.

Fir Mná

| Aois | Ionchas Saoil 2019 | Ionchas Saoil 2023 | Méadú ar an ionchas saoil (2019 – 2023) |
|---|---|---|---|
| 18 | 65.9 | 66.1 | 0,212 |
| 19 | 64.9 | 65.2 | 0,216 |
| 20 | 64.0 | 64.2 | 0,220 |
| 21 | 63.0 | 63.2 | 0,224 |
| 22 | 62.0 | 62.2 | 0,229 |
| 23 | 61.0 | 61.2 | 0,233 |
| 24 | 60.0 | 60.3 | 0,237 |
| 25 | 59.0 | 59.3 | 0,242 |
| 26 | 58.1 | 58.3 | 0,248 |
| 27 | 57.1 | 57.3 | 0,252 |
| 28 | 56.1 | 56.3 | 0,255 |
| 29 | 55.1 | 55.4 | 0,259 |
| 30 | 54.1 | 54.4 | 0,263 |
| 31 | 53.1 | 53.4 | 0,266 |
| 32 | 52.1 | 52.4 | 0,270 |
| 33 | 51.2 | 51.4 | 0,273 |
| 34 | 50.2 | 50.4 | 0,275 |
| 35 | 49.2 | 49.5 | 0,278 |
| 36 | 48.2 | 48.5 | 0,280 |
| 37 | 47.2 | 47.5 | 0,282 |
| 38 | 46.2 | 46.5 | 0,283 |
| 39 | 45.3 | 45.5 | 0,284 |
| 40 | 44.3 | 44.6 | 0,282 |
| 41 | 43.3 | 43.6 | 0,281 |
| 42 | 42.3 | 42.6 | 0,278 |
| 43 | 41.3 | 41.6 | 0,274 |

| Aois | Ionchas Saoil 2019 | Ionchas Saoil 2023 | Méadú ar an ionchas saoil (2019 – 2023) |
|---|---|---|---|
| 18 | 68.4 | 68.9 | 0,486 |
| 19 | 67.4 | 67.9 | 0,486 |
| 20 | 66.4 | 66.9 | 0,486 |
| 21 | 65.5 | 65.9 | 0,485 |
| 22 | 64.5 | 65.0 | 0,484 |
| 23 | 63.5 | 64.0 | 0,483 |
| 24 | 62.5 | 63.0 | 0,482 |
| 25 | 61.5 | 62.0 | 0,482 |
| 26 | 60.5 | 61.0 | 0,482 |
| 27 | 59.5 | 60.0 | 0,482 |
| 28 | 58.5 | 59.0 | 0,482 |
| 29 | 57.5 | 58.0 | 0,483 |
| 30 | 56.5 | 57.0 | 0,484 |
| 31 | 55.6 | 56.0 | 0,484 |
| 32 | 54.6 | 55.1 | 0,485 |
| 33 | 53.6 | 54.1 | 0,485 |
| 34 | 52.6 | 53.1 | 0,486 |
| 35 | 51.6 | 52.1 | 0,487 |
| 36 | 50.6 | 51.1 | 0,486 |
| 37 | 49.6 | 50.1 | 0,487 |
| 38 | 48.6 | 49.1 | 0,486 |
| 39 | 47.7 | 48.1 | 0,486 |
| 40 | 46.7 | 47.2 | 0,485 |
| 41 | 45.7 | 46.2 | 0,483 |
| 42 | 44.7 | 45.2 | 0,481 |
| 43 | 43.7 | 44.2 | 0,478 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **44** | 40.4 | 40.6 | 0,269 |
| **45** | 39.4 | 39.7 | 0,262 |
| **46** | 38.4 | 38.7 | 0,253 |
| **47** | 37.5 | 37.7 | 0,244 |
| **48** | 36.5 | 36.8 | 0,233 |
| **49** | 35.6 | 35.8 | 0,223 |
| **50** | 34.6 | 34.8 | 0,211 |
| **51** | 33.7 | 33.9 | 0,199 |
| **52** | 32.7 | 32.9 | 0,186 |
| **53** | 31.8 | 31.9 | 0,174 |
| **54** | 30.8 | 31.0 | 0,161 |
| **55** | 29.9 | 30.1 | 0,148 |
| **56** | 29.0 | 29.1 | 0,135 |
| **57** | 28.1 | 28.2 | 0,122 |
| **58** | 27.1 | 27.3 | 0,109 |
| **59** | 26.2 | 26.3 | 0,096 |
| **60** | 25.3 | 25.4 | 0,084 |
| **61** | 24.4 | 24.5 | 0,073 |
| **62** | 23.6 | 23.6 | 0,062 |
| **63** | 22.7 | 22.7 | 0,053 |
| **64** | 21.8 | 21.8 | 0,045 |
| **65** | 20.9 | 21.0 | 0,038 |
| **66** | 20.1 | 20.1 | 0,039 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **44** | 42.8 | 43.2 | 0,474 |
| **45** | 41.8 | 42.3 | 0,470 |
| **46** | 40.8 | 41.3 | 0,465 |
| **47** | 39.8 | 40.3 | 0,459 |
| **48** | 38.9 | 39.3 | 0,453 |
| **49** | 37.9 | 38.4 | 0,445 |
| **50** | 37.0 | 37.4 | 0,437 |
| **51** | 36.0 | 36.4 | 0,429 |
| **52** | 35.0 | 35.5 | 0,421 |
| **53** | 34.1 | 34.5 | 0,412 |
| **54** | 33.1 | 33.5 | 0,402 |
| **55** | 32.2 | 32.6 | 0,393 |
| **56** | 31.3 | 31.6 | 0,383 |
| **57** | 30.3 | 30.7 | 0,372 |
| **58** | 29.4 | 29.8 | 0,361 |
| **59** | 28.5 | 28.8 | 0,351 |
| **60** | 27.6 | 27.9 | 0,340 |
| **61** | 26.7 | 27.0 | 0,328 |
| **62** | 25.8 | 26.1 | 0,316 |
| **63** | 24.9 | 25.2 | 0,305 |
| **64** | 24.0 | 24.3 | 0,293 |
| **65** | 23.1 | 23.4 | 0,281 |
| **66** | 22.3 | 22.5 | 0,270 |

Léirítear sa chomparáid idir ionchas saoil 2019 agus 2023 le haghaidh baill foirne ar stádas gníomhach (idir 18 agus 66 bliana d'aois[12]) méadú teoranta ar ionchas saoil.

Léirítear i dtábla básmhaireachta 2023 le haghaidh na bhfear méadú an□teoranta ar ionchas saoil idir 0,212 bliain (2 mhí, 17 lá) ag aoiseanna gníomhacha níos óige go 0,039 bliana (14 lá) ag gnáthaois inphinsin.

Léirítear i dtábla básmhaireachta 2023 le haghaidh na mban méadú teoranta ar ionchas saoil idir 0,486 bliana d'aois (5 mhí, 27 lá) ag aoiseanna gníomhacha níos óige, go 0,270 bliain d'aois (3 mhí, 9 lá) ag an aois scoir.

Ar an meán, léirítear san athrú ar thábla básmhaireachta an Aontais go bhfuil méadú an□teoranta ar ionchas saoil bhaill foirne na n□institiúidí, i.e. 4 mhí ag aois níos óige agus 2 mhí ag an ngnáthaois inphinsin.

Nuair a rinneadh scrúdú ar mheasúnuithe roimhe seo ar ionchas saoil, léiríodh i dtábla básmhaireachta 2018 le haghaidh na bhfear méadú an□teoranta ar an ionchas saoil idir 0,078 mbliana d'aois (28 lá) ag aoiseanna níos óige agus 0,184 bliana d'aois (2 mhí, 7 lá) ag gnáthaois inphinsin. Léiríodh i dtábla básmhaireachta 2018 le haghaidh na mban méadú teoranta ar an ionchas saoil idir 0,559 mbliana d'aois (6 mhí, 24 lá) ag aoiseanna gníomhacha níos óige, go 0,697 mbliana d'aois (8 mí, 14 lá) ag aois scoir. Ar an meán, léirítear san athrú ar thábla básmhaireachta an Aontais go bhfuil méadú teoranta ar ionchas saoil bhaill foirne na n□institiúidí, i.e. 4 mhí ag aois níos óige agus 5 mhí ag an ngnáthaois inphinsin.

Idir 2014 agus 2023, tháinig méadú 0,29 mbliana (3 mhí, 16 lá) ar ionchas saoil na bhfear ag aoiseanna gníomhacha níos óige agus méadú 0,223 bliana (2 mhí, 21 lá) ag gnáthaois inphinsin. Tháinig méadú 1,045 bliana (1 bhliain, 16 lá) ar ionchas saoil le haghaidh na mban ag aoiseanna gníomhacha níos óige agus méadú 0,967 mbliana (11 mhí, 18 lá) ag an ngnáthaois inphinsin.

---

12 Tabharfar faoi deara gur féidir, faoi Airteagal 52 de na Rialacháin Foirne, a bheith ag obair go dtí 67 mbliana d'aois (má tá údar cuí leis ar mhaithe leis an tseirbhís) agus go dtí 70 bliain d'aois (go heisceachtúil).


## 5. FORBAIRTÍ SNA BALLSTÁIT

I dteannta leis an measúnú faoi phointí 3 agus 4 den tuarascáil seo, rinne an Coimisiún roinnt forbairtí i gcórais phinsin na mBallstát a mheas freisin.

### 5.1. An aois inphinsin a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise an athrú ar ionchas saoil

I bhformhór na mBallstát, déantar an aois inphinsin a thabhairt cothrom le dáta, bíodh sin go rialta nó ó am go chéile, chun forbairtí an ionchais saoil a léiriú.

Na Ballstáit a thug freagra, bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair na Ballstáit sin faoi chuimsiú Mheitheal Airteagal 83, sainaithníodh modhanna éagsúla i measc na mBallstát maidir leis an gcleachtas i leith an aois inphinsin a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise athrú an ionchais saoil.




### 5.2. Forbairtí breathnaithe i gcórais phinsin na mBallstát

Le linn raon feidhme ama na tuarascála, bhí tionchar ag mórimeachtaí ar chórais phinsin san Aontas. Mar thoradh ar phaindéim COVID‑19 agus ar na géarchéimeanna fuinnimh, bhí tréimhsí boilscithe ard nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus aschuir eacnamaíoch íseal ann, rud a chuir staid eacnamaíoch roinnt mhaith saoránach den Aontas i mbaol. Cé go raibh siad ina mbearta sealadacha, dhírigh na Ballstáit ar fheabhas a chur ar innéacsú, ar íosleibhéil phinsin níos airde, agus ar chosaint do dhaoine leochaileacha[13].

Faoin reachtaíocht náisiúnta atá ann faoi láthair, tiocfaidh méadú ar aois inphinsin roinnt mhaith Ballstát sna deicheanna de bhlianta amach romhainn. Mar sin féin, beidh sé níos óige ná 66 bliana d'aois faoi 2030 i gcás fhormhór na mBallstát agus ní shroichfidh sé 67 mbliana d'aois ar an meán ach faoi 2070. Is é is cúis leis sin den chuid is mó cóineasú beartaithe idir aoiseanna scoir na bhfear agus na mban nó feabhsuithe nach beag in ionchas saoil[14]. Léirítear le méaduithe beartaithe den sórt sin ar aoiseanna inphinsin an reachtaíocht a comhaontaíodh le blianta beaga anuas. Faoi láthair, ina ionad sin, tá na Ballstáit ag athrú ón mbéim a chur ar aois inphinsin a ardú agus ar rialacha luathscoir a ghéarú i dtreo dreasachtaí a sholáthar chun fanacht

---

[13] An Coimisiún Eorpach agus an Coiste um Chosaint Shóisialta, Tuarascáil *2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean*, lch. 60.

[14] An Coimisiún Eorpach agus an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, *Tuarascáil 2024 maidir le hAosú*, leathanaigh 22 – 23.

de bheith ag obair ar feadh tréimhse níos faide agus an obair a chomhcheangal le dul ar scor.[15]. I roinnt cásanna ina gcuirtear tábhacht ar an athrú béime sin, thug Ballstáit athchóirithe isteach lena laghdaítear (méaduithe sceidealaithe) na haoise inphinsin.[16].

Ar deireadh, deimhnítear leis na hathchóirithe leanúnacha agus leis na hathchóirithe atá beartaithe na treochtaí a chuirtear i dtábhacht thuas. Go háirithe, tá sé beartaithe ag roinnt Ballstát feabhas a chur ar leibhéal na sochar nó cead a thabhairt pinsean luath a chomhcheangal leis an obair. Ina theannta sin, tá bearta laghdaithe bochtaineachta á bplé i roinnt Ballstát, agus tá bónais agus rialacha níos solúbtha chun saol oibre níos faide a spreagadh, lena n□áirítear níos sine ná an aois inphinsin, fós ar chlár oibre roinnt Ballstát[17].

## Conclúid

(1) Ó bhí 2019 ann, mhéadaigh roinnt Ballstát an ghnáthaois inphinsin is infheidhme maidir le státseirbhísigh a riaracháin lárnaigh. Ag deireadh 2023, áfach, bhí gnáthaois inphinsin ag thart ar 81 % de na Ballstáit a thug freagra a bhí cothrom leis an aois inphinsin reachtúil nó níos óige ná an aois inphinsin reachtúil a leagtar amach ag 66 bliana d’aois le haghaidh bhaill foirne an Aontais.

(2) Léirítear san athrú ar tháblaí básmhaireachta an Aontais meánmhéadú an□teoranta ar ionchas saoil bhaill foirne na n□institiúidí le linn na tréimhse tagartha.

(3) I bhfianaise athrú teoranta na haoise inphinsin sna seirbhísí sibhialta lárnacha náisiúnta agus an mhéadaithe an□teoranta ar ionchas saoil bhaill foirne an Aontais, meastar an aois inphinsin reatha (66 bliana d’aois) le haghaidh fhoireann an Aontais a bheith iomchuí agus go gcomhfhreagraíonn sí do na caighdeáin is airde is infheidhme i státseirbhísí náisiúnta na mBallstát.

(4) Deimhnítear an measúnú thuas freisin leis an anailís ar fhorbairtí sna Ballstáit. Tá aois inphinsin fhoireann an Aontais fós ar cheann de na haoiseanna is airde is infheidhme i gcomparáid leo siúd atá i bhfeidhm faoi chórais pinsin náisiúnta na mBallstát, agus na hathchóirithe pinsin atá beartaithe á gcur san áireamh freisin. Ina theannta sin, léirítear le forbairtí a tharla le déanaí treocht maidir le díriú ar dhreasachtaí a sholáthar chun bheith ag obair ar feadh tréimhse níos faide, lena n□áirítear níos sine ná an aois inphinsin, agus obair a chomhcheangal le dul ar scor, seachas díriú ar an aois inphinsin a mhéadú.

(5) Dá bhrí sin, ag an gcéim reatha, níl aon fhoras ann chun togra a chur isteach le haghaidh leasú a dhéanamh ar an aois inphinsin reachtúil a leagtar amach ag 66 bliana d’aois faoi Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne.

---

[15] An Coimisiún Eorpach agus an Coiste um Chosaint Shóisialta, *Tuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean*, lch. 61.

[16] An Coimisiún Eorpach agus an Coiste um Chosaint Shóisialta, *Tuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean*, lch. 67.

[17] An Coimisiún Eorpach agus an Coiste um Chosaint Shóisialta, *Tuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean*, lch. 72.